www.xtrapapers.com

# Cómhrá

## Saol na Scoile

## (School Life)

www.xtrapapers.com

## 1. Agallamh do phost páirtaimseartha

(Bainisteoir sólainne agus Póilín)

Éist leis an agallamh agus freagair na ceisteanna a leanas.

B. "Dia duit, a Phóilín, agus cuirim fearadh na fáilte romhat chuig an agallamh seo. Is mise Séamas Ó Coinn agus is é bainisteoir na sólainne mé. Anois, a Phóilín, inis dom fút féin, le do thoil."

P. "Is mise Póilín agus is scoláire Ardleibhéil mé. Tá trí ábhar Ardleibhéil idir lámha agam faoi láthair. Is é an Corpoideachas an t-ábhar is fearr liom. Mar chuid den chúrsa d'éirigh liom teastas gartharrthála a bhaint amach. Tá dúil as cuimse agam sa spórt agus tá mé cinnte de go mbeadh an Corpoideachas go mór ina chuidiú agam dá bhfaighinn an post seo."

B. "Agus an imríonn tú d'fhoireann ar bith?"

P. "Is ball mé d'fhoireann peile na scoile faoi ocht mbliana déag. Bhain muid an tsraith anuraidh. Tá mé an-tugtha don snámh fosta agus is ball mé de chlub snámha na sólainne seo."

B. "Agus cén sórt duine tú, a Phóilín?"

P. "Is duine díograiseach mé. Déarfainn gur duine uaillmhianach fosta mé. Tá mé macánta chomh maith, agus déanaim mo dhícheall i gcónaí agus is breá liom páirt a ghlacadh i spórt ar bith."

B. "An bhfuil taithí ar bith agat ar an chineál seo oibre?"

P. "Tá cinnte. Thug mé an Ghaeltacht orm féin le dhá bhliain anuas agus bhí mé i mo cheannaire spóirt sa choláiste ansin. Chuidigh mé leis an mhúinteoir spóirt agus b'éigean dom an trealamh a thabhairt amach do na scoláirí agus cuid de na cluichí a reáchtáil."

B. "An bhfuil ceist ar bith agat, a Phóilín, maidir leis an phost seo?"

P. "An dtiocfadh leat a insint dom, a dhuine uasail, cé na dualgais a bheadh orm?"

B. "Thiocfadh. Dá n-éireodh leat bheadh ort seal a dhéanamh mar mhaor ag taobh na linne snámha, agus bheadh ort cuidiú leis an fhoireann shinsearach an obair ghlantacháin a dhéanamh. Caithfidh mé a rá go bhfuil mé iontach sásta leat agus go mbeidh mé i dteagmháil arís leat faoi d'iarratas roimh i bhfad."

www.xtrapapers.com

## 2. Comhrá idir beirt scoláirí

(Síle agus Máirtín)

Éist leis an chomhrá agus freagair na ceisteanna a leanas.

S. "Cé na hábhair a roghnaigh tú do na hArdleibhéil, a Mháirtín?"
M. "Mar atá a fhios agat féin, a Shíle, AS a thugtar anois orthu agus b'éigean dom ceithre cinn a roghnú in áit na dtrí cinn mar a bhíonn ag an Ardleibhéal féin. Roghnaigh mé an Mhatamaitic mar gur éirigh go geal liom sa scrúdú GCSE. Fuair mé an dara háit ab airde i dTuaisceart na hÉireann. Roghnaigh mé an Fhisic fosta mar dúirt múinteoir na Fisice go raibh sí an-chosúil leis an Mhatamaitic in áiteanna agus tá suim mhór agam inti sin chomh maith."
S. "Cad é eile a roghnaigh tú mar sin?"
M. "Bhuel, a Shíle, chuala mé cuid mhór cainte anuraidh faoin tSocheolaíocht agus shíl mé gur dheas tús a chur le hábhar nua. Roghnaigh mé an tSocheolaíocht mar sin, agus an Ghaeilge ar ndóigh."
S. "Cad chuige ar roghnaigh tú an Ghaeilge?"
M. "Tá mé an-tugtha don Ghaeilge. Thug mé an Ghaeltacht orm féin trí bliana i ndiaidh a chéile agus chuir mé snas ar mo chuid Gaeilge ansin. Sílim fosta go bhfuil sé iontach tábhachtach bheith ábalta an teanga náisiúnta a labhairt go líofa. Caithfidh mé a rá go bhfuil mé ag dúil leis an chúrsa litríochta fosta. Inis dom, a Shíle, cad é atá tusa ag dul a dhéanamh?"
S. "Mar is eol duit, tá spéis as cuimse agam sna teangacha agus roghnaigh mé an Fhraincis agus an Spáinnis, agus an Ghaeilge fosta. Mhol an múinteoir gairmthreorach dom na trí theanga a dhéanamh nuair a mhínigh mé di gur mhaith liom cúrsa i dteangacha a leanúint ar an ollscoil. Dúirt sí gur mór an buntáiste trí theanga a bheith agat agus tú ag iarraidh áite i nDámh na dTeangacha ar an ollscoil."
M. "Agus cad é eile a dhéanfaidh tú?"
S. "Bhuel, deirtear go bhfuil bua an cheoil agam agus roghnaigh mé an Ceol fosta. Éist, a Mháirtín, ní bheidh mórán ama saor againn nuair a chuirfear na ranganna eochairscileanna agus na ranganna creidimh san áireamh."

www.xtrapapers.com

M. "Tá an ceart ar fad ansin agat, a Shíle. B'fhéidir go bhfeicfinn sa rang Gaeilge thú."

S. "B'fhéidir é, a Mháirtín."

www.xtrapapers.com

## 3. Ceist an lá scoile

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Cé nach bhfuil cáil an mhochéirí ar mhuintir na hÉireann tá daoine áirithe ag moladh gur chóir an lá scoile a athrú go clár ama na Mór-roinne. Tosaíonn scoileanna na Mór-roinne ar leath i ndiaidh a hocht ar maidin agus críochnaíonn siad ar a dó tráthnóna. Baintear úsáid as am breise sa chuid eile den tráthnóna chun imeachtaí spóirt agus ceoil a eagrú. Bíonn ceithre théarma acu in aghaidh na bliana in áit na dtrí cinn a bhíonn ag páistí na hÉireann.

Tá cuid de na síceolaithe oideachais in éadan chóras na hEorpa. Maíonn na síceolaithe seo nach mbíonn cumas meabhrúcháin níos aibí ag páistí a thosaíonn ag obair go luath ar maidin. Anuas air sin, tá siad den bharúil nach bhfóirfeadh lá scoile a chríochnódh ar a dó a chlog do theaghlaigh ina mbíonn an t-athair agus an mháthair ag saothrú a gcoda taobh amuigh den teach. Deir na síceolaithe seo go mbeadh orthu an lá oibre a athrú go nós na Mór-roinne dá mbeadh siad ag dul a athrú an lá scoile. Chomh maith leis na deacrachtaí seo, deir siad go gcothódh druidim luath na scoileanna coireanna gadaíochta agus mí-úsáid alcóil agus drugaí dá mbeadh na páistí saor chomh luath sin sa lá.

Os a choinne sin, tá síceolaithe eile ann a shíleann gur chóir cleachtadh na Mór-roinne a leanúint. Deir siadsan gurbh fhearr a d'fhóirfeadh ceithre théarma sa bhliain do thuismitheoirí, agus deir siad fosta go n-éiríonn na páistí bréan de shaoire fhada an tsamhraidh. Tugann siad le fios gur fearr torthaí na scrúduithe ag páistí a thosaíonn go luath ar maidin.

www.xtrapapers.com

## 4. Easpa smachta sna seomraí ranga

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas .

Tá easpa smachta sna seomraí ranga ag cur as do neart múinteoirí, de réir Chumann na Meánmhúinteoirí. Dúirt urlabhraí thar ceann an Chumainn, agus é ag labhairt ag seimineár i bpríomhoifigí an Chumainn, go bhfuil cuid mhór múinteoirí ar fud na tíre faoi bhrú millteanach agus go bhfuil siad ag fulaingt de bharr struis agus teannais. Dúirt sé fosta gur ábhar mór buartha é nach bhfuil tacaíocht ar bith ar fáil do na múinteoirí úd. Thug sé le fios gur ionsaíodh corradh le fiche múinteoir taobh istigh de sheachtain amháin agus go bhfuil tréan múinteoirí ag éirí as a bpost go luath mar gheall ar an ghéarchéim seo.

Ag labhairt dó ag an seimineár, dúirt Uachtarán an Chumainn, Seán Ó hUiginn, go bhfuil siad ag iarraidh ar an Roinn Oideachais bealaí nua cinnte a thabhairt isteach i ngach meánscoil a thabharfaidh cosaint do mhúinteoirí agus do scoláirí araon ar dhaltaí trioblóideacha.

Dúirt sé fosta go gcaithfear córas éifeachtach smachta a chur i bhfeidhm fud fad na tíre mar go bhfuil múinteoirí i mbaol a n-ionsaithe gach lá agus iad i mbun a ndualgas gairmiúil. Labhair sé faoi chás amháin inar buaileadh an múinteoir go trom nuair a tháinig sé ar dhaltaí a bhí ag caitheamh drugaí ar scoil. B'éigean don mhúinteoir áirithe sin éirí as a phost. Chuir an tUasal Ó hUiginn in iúl go raibh sé ag dó na geirbe aige nár cuireadh na buachaillí sin amach ar fionraí ach ar feadh coicíse agus gur tugadh cead dóibh filleadh ar an scoil i ndiaidh achomhairc. Dúirt sé go dtiocfadh leis an fhadhb bheith chomh holc agus atá i Meiriceá mura ndéanfaí rud éigin láithreach.

www.xtrapapers.com

## 5. Feiniméan na maistíneachta

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Tugann saineolaithe le fios go ngintear feiniméan na maistíneachta scoile sa bhaile. Síleann siad go bhfuil sé bainteach le foréigean agus le heaspa éigin i saol an pháiste sa bhaile. De ghnáth, nuair a thosaíonn duine óg ag dul i muinín na maistíneachta, bíonn sé ag iarraidh dul i bhfeidhm ar a chomhdhaltaí. Níos minice ná a mhalairt bíonn sé ag iarraidh a chruthú don saol mór gur duine cumhachtach, láidir, tábhachtach é. Bíonn na maistíní seo ag iarraidh aird a tharraingt orthu féin agus, de ghnáth, bíonn sé d'aidhm acu saol na bhfulangaithe a scriosadh.

Is fadhb mhór í an mhaistíneacht i roinnt mhaith scoileanna sa lá atá inniu ann. Tá dhá chineál maistíneachta ann: an mhaistíneacht fhisiciúil agus an mhaistíneacht intinne. Ceaptar gurb é an dara saghas is measa – is é sin nuair a chuirtear eagla ar pháiste goilliúnach éigin trí bhagairtí agus trí dhrochainmneacha. Ar ndóigh, is é an páiste ciúin, béasach, aonarach a roghnaíonn an maistín i gcónaí chun a bhrúidiúlacht a imirt air.

Cuireann an maistín isteach go mór ar shaol an fhulangaí agus, le fírinne, is beag bealach éalaithe a bhíonn ar oscailt aige. Dá ndéanfadh sé gearán thiocfadh leis na hionsaithe éirí níba mheasa. Mar sin de, ina lán cásanna, fulaingíonn an duine bocht go ciúin foighneach. Bíonn ifreann ar talamh aige.

Tig le torthaí fuilteacha, marfacha teacht as cúrsaí maistíneachta. Má dhéantar ionsaí fisiciúil, tig leis dul thar fóir agus, in amanna, gortaítear an fulangaí go dona. I gcásanna áirithe, mura dtig leis cur suas leis an mhaistíneacht, cuireann an fulangaí a lámh ina bhás féin. Mar sin de, moltar do dhuine ar bith atá ag fulaingt maistíneachta cuidiú a lorg ón mhúinteoir nó dul i dteagmháil leis na háisíneachtaí speisialta ar nós na Samaritans.

www.xtrapapers.com

## 6. Scoil Phádraig

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Osclaíodh Scoil Phádraig i nDomhnach Mór i gContae Thír Eoghain sa bhliain 1957. Ag an am sin bhí an foirgneamh féin fóirsteanach do na cúig scoláire is seachtó a bhí ag freastal ar an scoil. Ach de réir Fhearghail Mhic Críosta, atá ina bhall de bhrúghrúpa tuismitheoirí ar son foirgnimh úir, is é rud a tháinig méadú mór ar líon na scólairí ó shin. Sa lá atá inniu ann freastalaíonn breis agus dhá chéad scoláire ar an scoil.

Dá réir, tá trí cheathrú de dhaonra na scoile lonnaithe i bhfoirgnimh réamhdhéanta. Dúirt an tUasal Mac Críosta, a d'fhreastail ar an scoil ina óige, nár tháinig athrú ar bith ar an fhoirgneamh ón uair a d'fhág seisean an scoil cúig bliana is scór ó shin.

Chuir sé in iúl nach bhfuil áiseanna cistine sa scoil agus go gcaithfear béilí a thabhairt isteach. Ar a bharr sin, dúirt sé nach raibh caighdeán sásúil leithreas ann.

Thug an tAire Oideachais cuairt ar an scoil le déanaí agus dúirt an tUasal Mac Críosta gur baineadh siar as, ar fheiceáil an fhoirgnimh dó.

Thug an tUasal Mac Críosta le fios go bhfuil achainí curtha ar bun acu chun foirgneamh úr a fháil agus go bhfuil cúig mhíle síniúchán acu go dtí seo. Áirítear halla tionóil is mó, bialann den chéad scoth, leithris úra agus naoi seomra ranga nua sna pleananna don scoil.

Dúirt urlabhraí thar ceann na Roinne Oideachais go raibh cás láidir ag an scoil ar fhoirgneamh úr. Chuir sé in iúl fosta go ndéanfadh an Roinn a seacht ndícheall scoil úr a thógáil a luaithe is féidir.

www.xtrapapers.com

## 7. Tuairisc spóirt

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Baineadh geit mhór as lucht spóirt ar fud na Breataine aréir nuair a d'fhógair Kevin Keegan go raibh sé ag éirí as a phost mar bhainisteoir idirnáisiúnta. Rinne sé an cinneadh leathuair i ndiaidh don Ghearmáin an ceann is fearr a fháil ar Shasana i gcluiche cáilitheach do Chorn an Domhain.

Ba é sin an cluiche deireanach i Staid Wembley agus bhí lucht tacaíochta Shasana faoi smúit ag deireadh an chluiche. Cé gurbh ócáid mhór stairiúil í, agus an staid le leagan ar ball, ní raibh deireadh finscéalach ann. Chaill Sasana an cluiche agus a mbainisteoir.

Ba léir go raibh an aimsir ag teacht leis an atmaisféar agus é ag stealladh anuas ó thús go deireadh an chluiche. Leis an fhírinne a rá, b'fhearr na Gearmánaigh agus ba láidre i ngach áit ar an pháirc iad. Dúirt Kevin Keegan go raibh barraíocht brú i gceist le post an bhainisteora agus gur shíl sé nach raibh ar a chumas an brú a sheasamh. I ráiteas tochtach dúirt sé nach dtiocfadh leis tuilleadh brú a fhulaingt.

Cé gur peileadóir den chéad scoth a bhí ann ina óige, níor éirigh go rómhaith leis ó ghlac sé leis an phost mar bhainisteoir idirnáisiúnta ar fhoireann Shasana. Ceapadh sa phost é go gairid roimh thús Chorn na hEorpa a eagraíodh sa Bheilg agus san Ísiltír, ach d'fhill sé féin agus a fhoireann abhaile go luath i ndiaidh droch-chomórtas a bheith acu.

Tuairiscíodh gur impigh Comhaltas Peile Shasana ar Keegan fanacht sa phost ach go raibh a n-iarrachtaí in aisce. Beidh cluiche eile cáilitheach ag Sasana i gceann cúpla lá agus beidh bainisteoir sealadach i mbun na foirne. Ní fios fós cé a thiocfaidh i gcomharbacht ar Keegan ach síltear gurb é Terry Venables rogha na coitiantachta. Chaith seisean seal mar bhainisteoir ar fhoireann Shasana roimhe seo, agus níl post bainisteoireachta aige san am i láthair.

www.xtrapapers.com

## 8. Laoch an Spidéil

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Níor chuir doineann an fhómhair as do phobal Chonamara. Tháinig siad amach ina sluaite sa Spidéal chun fáilte mhór a chur roimh a laoch Oilimpeach, Éadaoin Ní Challaráin, Dé Sathairn seo caite. Cé nár éirigh léi bonn ar bith a bhaint, d'aithin na sluaite an tréaniarracht a rinne sí agus í i mbun na curaí.

Bhí na tinte cnámh lasta ó Ghaillimh siar go Conamara don ócáid, a bhí ar aon dul le filleadh an dornálaí Seán Ó Mainnín ar a fhód dúchais sna hochtóidí, nó le teacht an Sam Maguire chun na Ceathrún Rua dhá bhliain ó shin.

Ghabh Éadaoin a buíochas leis an slua agus leis na daoine ar fad a sheol cártaí agus teachtaireachtaí ríomhphoist chuici lena ndea-ghuí a léiriú. Dúirt sí gur chuir na teachtaireachtaí agus na sluaite gliondar ar a croí agus go raibh sí an-bhródúil as a tír dhúchais.

Bhí an tráchtaire Seán Bán Breatnach i láthair. D'inis sé don slua gur beag a shíl muintir an bhaile go mbeadh Éadaoin ina laoch Oilimpeach agus í ag tosú amach ar na céaslaí na blianta roimhe sin.

Ba chuma cé acu i nGaeilge nó i mBéarla a labhródh sí le meáin chumarsáide an domhain, bhí Éadaoin ar dhuine de na hambasadóirí ab fhearr dá raibh riamh ag an tír seo, dar le Seán Bán. Dúirt sé go raibh súil aige go mbeadh oíche eile cheiliúrtha ag muintir an Spidéil nuair a thabharfadh beirt deartháireacha Éadaoine, a imríonn ar fhoireann peile an chontae, agus an fhoireann uile an Sam Maguire ar ais chun an tsráidbhaile.

Chuir Éadaoin in iúl go raibh sé beartaithe aici páirt a ghlacadh sna Cluichí Oilimpeacha in Aithin na Gréige i gceann ceithre bliana. Dúirt sí go ndéanfadh sí a seacht ndícheall bonn éigin a thabhairt abhaile léi ó na chéad chluichí eile.

www.xtrapapers.com

## 9. Na Cluichí Oilimpeacha

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Bhí Éireannaigh ar fud an domhain ag caoineadh le háthas nuair a bronnadh an bonn airgid ar Shoinia Ní Shúilleabháin ar ardán na gCluichí Oilimpeacha in Sydney na hAstráile.

Bhain sí an dara háit amach i rás fíorchorraitheach cúig mhíle méadar. Ní raibh ach náid pointe fiche a trí soicind idir í féin agus buaiteoir an rása, Szabo na Rómáine. Bhí sí ag rith go maith le tamall anuas, ach bhí amhras ann fós nach n-éireodh léi ar an ardán domhanda i mbliana. Ach, inné, chruthaigh sí do chách a luach ar an raon rása. I ndiaidh an bhua dúirt Soinia gur chuir an dara háit seo deireadh le díomá na gCluichí Oilimpeacha in Atlanta, Stáit Aontaithe Mheiriceá, tá ceithre bliana ó shin.

Cé go raibh sí ar gcúl ar feadh cuid mhaith den rás, rinne sí éacht agus an rás ag teacht chun deiridh gur tháinig sí cothrom le Szabo na Rómáine ar an choradh dheireanach. Gan ach céad méadar fágtha, bhí an rás idir dhá cheann na meá, ach cé go ndearna Soinia s'againne a seacht ndícheall ní thiocfadh léi an bhearna bheag a dhruidim. Bhí lúcháir an domhain uirthi féin, ar mhuintir na tíre seo, agus ar Éireannaigh i gcéin is i gcóngar lena hiarracht. Ba é seo an t-am ab fhearr dá raibh riamh aici don chúig mhíle méadar.

Mhol an Taoiseach go hard na spéire í. Dúirt sé gur léirigh sí don domhan gur lúthchleasaí den chéad scoth í. Ghabh Soinia buíochas le bunadh na hÉireann uile a chuir teachtaireachtaí chuici ar an Idirlíon, ar chártaí agus trí scairteanna gutháin. Bhí sí thar a bheith sásta go raibh an oiread sin Éireannach i láthair ag an rás féin. Dúirt sí nach raibh sé deacair uirthi iad a aithint lena mbratacha trídhathacha, ina ngeansaithe Éireann agus gona ngeansaithe contae.

Dála an scéil, feicfear Soinia ar ais in Éirinn ag ath-Chluiche Ceannais Peile Gaelaí na hÉireann, seachtain ón Satharn seo chugainn.

www.xtrapapers.com

## 10. Turas campála

(Pól agus a mháthair)

Éist leis an chomhrá seo agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

P. "A mhamaí, tá sé beartaithe ag Peadar agus ag Seán dul a champáil i gCiarraí an tseachtain seo chugainn. An bhfuil cead agam bheith leo?"
M. "Bíodh ciall agat, a mhic. Tá a fhios agat go bhfuil tú i bhfad ró-óg le dul ar shiúl ón bhaile leat féin."
P. "Tá mé ar an aois chéanna leis na gasúir eile agus thug a máithreacha sin cead dóibh dul ann."
M. "Cén uair a bheas siad ag imeacht?"
P. "Beidh siad ag taisteal ar an traein Dé Luain as Stáisiún Uí Chonghaile. Bainfidh sé ceithre huaire an chloig astu Trá Lí a bhaint amach."
M. "Agus cad é a dhéanfaidh siad ansin?"
P. "Rachaidh siad chun an Daingin."
M. "Ach tá an Daingean daichead míle ar shiúl as Trá Lí. Cad é mar a rachaidh siad chun an Daingin?"
P. "Gheobhaidh siad síob. Is furasta síob a fháil. Ní gá ach dul amach ar an bhóthar agus gheobhaidh siad síob gan stró."
M. "Ní bheinn sásta leis sin mar tá sé ríchontúirteach ar fad, a Phóil." Bíonn daoine saoithiúla ag dul thart i ngluaisteáin ar an aimsir seo. Nach cuimhin leat an ghirseach bheag a fuadaíodh coicís ó shin nuair a ghlac sí síob le fear éigin?"
P. "Is cuimhin, ach d'éirigh léi éalú uaidh."
M. "Agus nach raibh an t-ádh dearg uirthi?"
P. "Ach beidh triúr againn ann, gan contúirt ar bith orainn."
M. "Nár smaoinigh tú ar an aimsir? Bhí sé ag cur de dhíon is de dheora le seachtain anuas. Beidh an talamh an-bhog, agus cad é a dhéanfaidh sibh le haghaidh trealamh campála?"
P. "Tá puball an-mhór ag Peadar agus tá fairsinge ann do thriúr. Fuair Seán an trealamh campála a bheas de dhíth orainn óna uncail. Agus, cibé ar bith, chuala mé réamhaisnéis na haimsire agus tá tuar na haimsire go maith."

www.xtrapapers.com

M. “Tá freagra gach ceiste agat, a mhic. Beidh orm a fhiafraí de d’athair cé acu atá cead agat nó nach bhfuil.”

www.xtrapapers.com

## 11. Gearán faoi laethanta saoire

(Máire agus bainisteoir ar ghníomhaireacht taistil)

Éist leis an chomhrá seo ar an ghuthán agus freagair na ceisteanna a leanas.

M. "Haló. An é sin an bainisteoir?"

B. "Is é. Is mise an bainisteoir."

M. "Bhuel, is mise Máire Uí Riain agus chuir mé féin saoire teaghlaigh sa Phortaingéil in áirithe le do chomhlacht. Chaith muid coicís ann ag tús Mhí Iúil."

B. "Is maith is cuimhin liom sin, a bhean uasal. Agus cad é mar is féidir liom cuidiú leat?"

M. "Tá mé ag cur scairte ort lena chur in iúl duit a mhíshásta a bhí mé leis na laethanta saoire sin. Is fada mé ag cur saoire in áirithe le do chomhlacht agus, go dtí seo, bhí mé i gcónaí thar a bheith sásta. An iarraidh seo, áfach, ní mó ná sásta atá mé."

B. "Inis dom, a bhean uasal, cad é go díreach a bhí cearr leis an tsaoire?"

M. "Nuair a bhí mé istigh ag an ghníomhaire taistil agaibh insíodh dom go raibh an t-óstán ina raibh mé le bheith ag stopadh faoi scread asail den trá. Taispeánadh an bróisiúr dom fiú go bhfaca mé an áit le mo shúile cinn. Nuair a bhain muid ár gceann scríbe amach, áfach, treoraíodh muid chuig óstán eile a bhí suite ceithre mhíle ón trá."

B. "Tuigim anois, a bhean uasal, an fáth a bhfuil fearg ort ach, déanta na fírinne, ní bhfuair muid scéal ar bith go raibh athrú le bheith ar bhur gcuid socruithe go dtí go raibh sibh ar shiúl. Cé go ndearna mé tréaniarracht, ní raibh mé in ann teagmháil a dhéanamh leat sular fhág tú féin agus an teaghlach an baile."

M. "Tuigim sin ceart go leor, ach ní thuigim cad chuige a raibh athrú ar na socruithe ar an chéad dul síos. Nár chuir mé éarlais sa tsaoire áirithe sin trí mhí roimhe sin?"

B. "Tá an ceart ar fad agat, a bhean uasal. Dúradh linn ag an bhomaite dheireanach, áfach, go raibh fadhb leis an chóras leictreachais san óstán a raibh tú le bheith ag fanacht ann. Cad é mar a bhí an t-óstán ar stop sibh ann?"

M. "Chuir sé samhnas orm. Ní raibh sé slachtmhar ar chor ar bith agus bhí seanchuma air. Ní raibh an bia thar mholadh beirte ach oiread, gan an tseirbhís aon phioc níb fhearr."

www.xtrapapers.com

B. “A bhean uasal, má bhuaileann tú isteach chuig an ghníomhaire againn lá ar bith, tig linn rud éigin a shocrú duit. Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall cúiteamh a fháil ón óstán.”

M. “Déanfaidh sin cúis. Buailfidh mé isteach chuige anóirthear.”

www.xtrapapers.com

## 12. Malartaíochy scoile

(Máire agus Liam)

Éist leis an chomhrá agus freagair na ceisteanna a leanas.

M. “Cad é mar a chaith tú an samhradh, a Liam?”
L. “Mar atá a fhios agat, a Mháire, thug mé aghaidh ar an Fhrainc nuair a thosaigh saoire an tsamhraidh gur chaith trí mhí ansin. Bhí mé ag stopadh ag teaghlach Francach taobh amuigh de Pháras, teaghlach an Fhrancaigh a tháinig chun an tí s'againne anuraidh.”
M. “Agus cad é mar a bhí sé, a Liam?”
L. “Caithfidh mé a rá, a Mháire, gur bhain mé idir shult agus thairbhe as. Tá dúil as cuimse agam sa Fhraincis agus thug an tsaoire deis dom snas a chur ar mo chuidse. Le fírinne, is beag Béarla a bhí ag an teaghlach Francach agus b'éigean dom Fraincis a labhairt bunús an ama. Dála an scéil, bhí an teaghlach féin iontach garach lách. Cuireadh fearadh na fáilte romham.”
M. “Nárbh fhada leat an t-am?”
L. “Mar a dúirt mé, thaitin sé go mór liom ach, uaireanta, leis an fhírinne a dhéanamh, bhí cumha i ndiaidh an bhaile orm. Is mór an difear idir saol na hÉireann agus saol na Fraince.”
M. “Cad é an rud nár thaitin leat?”
L. “Níor réitigh an bia liom. Shíl mé go raibh sé róshaibhir. Cuirtear ola olóige ar gach aon bhéile. Bhí barraíocht spíosraí sa bhia fosta. Is iomaí oíche a bhí mo bholg thiar i mo dhroim mar nach dtiocfadh liom an bia a cuireadh os mo chomhair a ithe.”
M. “Agus cad é mar a bhí an aimsir?”
L. “Fuair muid an chuid ab fhearr den aimsir, bunús an ama. Corrlá, áfach, bhí sé meirbh marbhánta, gan mé ábalta an teach a fhágáil nó m'anáil a tharraingt.
M. “Ar thug tú cuairt ar chathair Pháras.”
L. “Thug cinnte, agus bhí sé mar a d'iarrfadh do shúil a bheith. Tá sí galánta. Is cathair stairiúil, shlachtmhar agus, ar ndóigh, rómánsúil í. Chuaigh mé ar turas na cathrach le treoraí lá agus d'fhoghlaim mé a lán rudaí faoin chathair”.
M. “Agus ar mhaith leat filleadh?”

www.xtrapapers.com

L. "Rachainn ar ais amárach ach an t-am agus an t-airgead a bheith  agam."

www.xtrapapers.com

## 13. Turas ar ceal

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Den chéad uair riamh b'éigean do chomhlacht turasóireachta i gCúige Uladh turas chuig an Talamh Naofa a chur ar ceal, agus sin de dheasca na géarchéime sa Mheánoirthear. Rinneadh an cinneadh mar gheall ar an chomhairle a cuireadh ar an chomhlacht ón Roinn Gnóthaí Eachtracha. Chuir an Roinn Gnóthaí Eachtracha in iúl don chomhlacht go raibh cúrsaí róchontúirteach sa Mheánoirthear mar gheall ar an achrann idir na Palaistínigh agus na hIosraelaigh. Bhí sé beartaithe ag tríocha turasóir as Béal Feirste aghaidh a thabhairt ar Iosrael agus deich lá a chaitheamh ann.

Dúirt urlabhraí thar ceann an chomhlachta go dtabharfaí aisíoc do gach turasóir. Mhínigh sé go raibh an comhlacht ag eagrú turas le deich mbliana anuas chuig an Tír Naofa agus gurb é seo an chéad uair a tharla dóibh turas a chur ar ceal. Thug sé le fios go ndeachaigh dhá ghrúpa chuig an Tír Naofa an mhí seo caite agus nach raibh deacracht ar bith ann. D'ársaigh sé fosta go raibh deireadh ag teacht leis an séasúr turasóireachta agus go raibh dóchas aige nach mbeadh fadhb ar bith leis na turais atá socraithe do Mhí Mhárta na bliana seo chugainn.

Dúirt turasóir amháin, arb as Contae Aontroma í, go raibh díomá an domhain uirthi ar chluinstin an scéil di. Ríomh sí go raibh sí ag dúil leis an turas le tamall fada, gur thuig sí cúis chinneadh an chomhlachta, ach go raibh sí ag súil go mbeadh "lá eile ag an bPaorach".

www.xtrapapers.com

## 14. Ionad Oidhreachta Árann

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Tá Ionad Oidhreachta Árann suite i gCill Rónáin, príomhbhaile an oileáin. Osclaíodh Ionad Árann sa bhliain naoi déag nócha a dó, agus tá bród ar mhuintir an oileáin go bhfuil a leithéid d'áis ar fáil acu, go háirithe do chuairteoirí nach bhfuil ar an eolas faoi stair agus chultúr an oileáin.

Is é príomhaidhm an Ionaid cuidiú leis an chuairteoir a bhealach a dhéanamh thart an t-oileán agus é a chur ar an eolas faoi na daoine a chónaíodh ar an oileán fada ó shin. Tugtar léarscáil bheag do gach duine a thugann cuairt ar an Ionad agus is féidir leis an turasóir cuairt a thabhairt ar na dúnta móra, ar na toibreacha beannaithe agus ar na hionaid adhraidh ón ré réamh-Chríostaí.

Tugtar eolas san Ionad chomh maith maidir le scríbhneoirí cáiliúla an oileáin. Ina measc siúd tá Liam Ó Flaitheartha, Breandán Ó hEithir agus Máirtín Ó Direáin le háireamh. Tagann scoláirí chun an oileáin le staidéar a dhéanamh ar na scríbhneoirí seo agus ar a saothar. Is mór an tairbhe dóibh é go bhfuil neart eolais ar fáil san Ionad freisin. Tig leo dearcadh is fearr a fháil ar shaol an oileáin agus ar an dóigh a ndeachaigh an t-oileán i bhfeidhm ar na scríbhneoirí.

Tá Ionad Árann ar cheann de na lárionaid is nua-aimseartha sa tír, le heolas cruinn agus le samplaí d'iarsmaí an oileáin. Ag fágáil an lárionaid dó beidh an turasóir ullmhaithe le tairbhe agus tuiscint is fearr a bhaint as a chuairt thart an t-oileán.

www.xtrapapers.com

## 15. Ceart na mban tí

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Thug Seán Ó Baoill, ball tofa ar Bhord Réigiúnach Údarás na Gaeltachta, le fios ag cruinniú den Bhord le gairid gurb iad na mná tí a choinníonn scoláirí Gaeilge cnámh droma thionscal na turasóireachta i dTír Chonaill.

Mhaígh sé go bhfuil siad ag cur seirbhís ar dóigh ar fáil do na daltaí atá ag foghlaim na teanga agus, dá réir, ag tabhairt soláthar mór isteach sa cheantar. Nuair a théann scoláirí chun na Gaeltachta is iomaí uair a thagann a dtuismitheoirí ar cuairt chucu, tuismitheoirí a chaitheann de ghnáth oíche i dteach lóistín de chuid an cheantair. Ar a bharr sin, caitheann na tuismitheoirí a lán airgid fosta sna siopaí áitiúla agus sna tithe tábhairne.

Mar sin de, ba mhaith leis an Uasal Ó Baoill a fháil amach cad chuige nach bhfuil a thuilleadh airgid á chur ar fáil do na mná tí.

Chuir sé i leith an rialtais go bhfuil siad ag caitheamh go holc leis na mná tí. Cháin sé an rialtas go láidir, ag rá go raibh siad ag déanamh neamairt sna mná tí agus sa teanga. Dúirt sé go gcoinníonn bean tí, ar an mheán, deichniúr scoláirí ina teach ar feadh trí mhí in aghaidh na bliana.

Ba mhaith leis go dtabharfaí aitheantas dá gcuid oibre agus ardú suntasach san airgead a dhíoltar leo. Más maith le bean tí cur lena teach ceadaítear deontas míle punt an seomra. Dúirt Seán Ó Baoill, áfach, gur chóir go dtabharfaí cúig mhíle punt an seomra do mhná tí a choinníonn scoláirí agus ar mhaith leo cur lena dtithe. Thug sé le fios fosta nach bhfuil sé ceart ná cóir go mbíonn na mná tí thíos leis má fhágann scoláire cúrsa go luath, ar chúis amháin nó ar chúis eile.

www.xtrapapers.com

## 16. Gaelscoileanna gan aitheantas

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Beidh trí Ghaelscoil déag ag feidhmiú gan aitheantas ó Roinn an Oideachais sna Sé Chontae ón fhómhar seo ar aghaidh. Osclófar ceithre Ghaelscoil nua, ar a laghad, sa tuaisceart an fómhar seo, agus tá an eagraíocht Gaeloiliúint, atá i mbun na nGaelscoileanna, faoi bhrú mór agus iad ag iarraidh na scoileanna seo a mhaoiniú.

Faoi láthair, caithfidh Gaeloiliúint dhá chéad míle punt sa bhliain a aimsiú chun na scoileanna gan aitheantas a choinneáil ag gabháil, agus beidh suim níos mó fós de dhíth ar na scoileanna gan aitheantas an fómhar seo.

Osclófar scoileanna ar an Chlaisleán Ghlas i gContae Thír Eoghain, i mBéal Átha an Airgid i gContae Ard Mhacha agus ar an Lorgain i gContae Ard Mhacha, agus i Lóiste na Móna i mBéal Feirste.

Deir Cathal Ó Donnghaile, atá i mbun na heagraíochta, Gaeloiliúint, go bhfuil ualach trom orthu agus iad ag iarraidh teacht ar an airgead leis na scoileanna a choinneáil ar oscailt, ach nach loicfidh siad ar na tuismitheoirí a roghnaíonn oideachas trí mheán na Gaeilge dá gcuid páistí. Chuir sé in iúl go bhfuil an pobal fial flaithiúil agus go dtugann muintir Mheiriceá tacaíocht dóibh lena chois.

Dúirt sé chomh maith go gcaithfeadh an eagraíocht bheith ag breathnú ar bhealaí a dtiocfadh leis an stát a ndualgais i dtaobh na scoileanna seo a chomhlíonadh - seachas bheith ag cur an ualaigh ar leithéid Ghaeloiliúint agus ar na tuismitheoirí.

www.xtrapapers.com

## 17. Ceist na teilifíse

(Seán agus Máire)

Éist le beirt scoláirí ag caint agus freagair na ceisteanna a leanas.

S. "Is beag orm an teilifís, mar a luaithe a chuirtear an teilifís ar siúl ní bhíonn comhrá ar bith sa teach."
M. "Tá an ceart ar fad ansin agat, ach, mar sin féin, tá a lán buntáistí ag baint leis an teilifís. Is fíor gur áis oideachais í agus go mbaineann a lán daoine an-tairbhe aisti."
S. "Ní aontaím leat ar chor ar bith ansin. Sílim féin gur mór a chuireann sí isteach ar chúrsaí oideachais. Tá sé rófhurasta ag duine suí os comhair an teilifíseáin agus gan é nó í a bheith ag smaoineamh ar chor ar bith."
M. "B'fhéidir go bhfuil an ceart agat ach, mar sin féin, tig le daoine cuid mhaith a fhoghlaim agus iad ag amharc ar na pictiúir agus ag éisteacht leis na tuairiscí. Tá a lán clár ann faoin dúlra, cuirim i gcás, agus thiocfadh leis an teilifís suim a spreagadh ag duine sa dúlra."
S. "Caithfidh mé a admháil go bhfuil mé ag teacht leat sa mhéid sin, ach is é mo bharúil féin nach bhfuil rud is fearr ná leabhar, agus é maisithe i gceart, chun staidéar cruinn a dhéanamh."
M. "Tuigim go bhfuil na leabhair an-úsáideach, ach chítear dom go bhfuil ábhair áirithe ann - tíreolaíocht agus fiú stair, cuirim i gcás - nach féidir plé iomlán a dhéanamh orthu i leabhair."
S. "Is dóigh liom gur fíor sin. Chonaic mé scannán anuraidh faoi stair na Gearmáine agus is fearr a thuig mé dearcadh na ndaoine dá thairbhe."
M. "Bíonn i bhfad níos mó ná cláir oideachasúla ar an teilifís. Ná déan dearmad ar an nuacht, ar chláir grinn agus ar chúrsaí reatha, a mbaineann daoine sult astu."
S. "Is fíor sin, ach cuimhnigh fosta go bhfuil béim rómhór ar an fhoréigean agus ar an ghnéas ina lán clár acu."

www.xtrapapers.com

## 18. Suirbhé faoin teilifís

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Ní thuigeann ógánaigh an lae inniu an dóigh ar mhair daoine dhá scór bliain ó shin gan an teilifís. Rinneadh suirbhé ar na mallaibh agus léiríonn na torthaí go gcaitheann déagóirí níos mó ama ag coimhéad clár ar an teilifís ná a chaitheann siad ar scoil in aon bhliain faoi leith. Deirtear fosta go rachaidh an scéal i ndonacht mar gheall ar an teilifís dhigiteach.

Imríonn an teilifís tionchar an-mhór ar mheon an duine. Is fíor go múnlaíonn an teilifís an intinn. Thug an suirbhé le fios fosta gurb amhlaidh a chreideann bunús na ndaoine óga na cuntais a chluintear ar an teilifís. Dá mbeadh cuntas ar eachtra éigin ar an raidió, ar an nuachtán agus ar an teilifís, agus gan iad ag teacht lena chéile, ghlacfadh ochtó faoin chéad le "fírinne" chuntas na teilifíse.

Léiríonn an suirbhé fosta gurb iad na scannáin uafáis is mó a thaitníonn leis an aos óg. Bíonn cuid mhór foréigin sna scannáin sin agus deirtear gur minic a dhéanann daoine óga aithris ar an fhoréigean a fheictear i scannán ar bith ar leith. Chuir údar an tsuirbhé an locht ar na tuismitheoirí de dheasca nach gcoinníonn siad súil ghéar ar a gcuid páistí agus iad ag amharc ar an teilifís.

Chuir údar an tsuirbhé in iúl go raibh buntáistí ag baint leis an teilifís fosta. Dúirt sé go raibh na cláir oideachasúla an-tairbheach ag scoláirí agus ag múinteoirí. Mhaígh sé go bhféadfadh an teilifís bheith níba thairbhí fós dá gcaithfeadh an t-aos óg níos mó ama ag amharc ar na cláir oideachasúla agus níos lú ama ag amharc ar na sobalsraitheanna, agus ar na scannáin foréigin.

www.xtrapapers.com

## 19. Ólachán ar ollscoil

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Is náireach an feachtas atá ar siúl ag tithe tábhairne faoi láthair le mic léinn úra a mhealladh chun an óil, dar le polaiteoirí, údaráis ollscoile agus ionadaithe mac léinn.

Tá feachtas mór margaíochta faoi lánseol ag tionscal na dí i rith sheachtain tosaigh na chéad bhliana le teacht i dtír ar mhic léinn tríú leibhéal. Scaipeadh bileoga agus dearbháin an tseachtain seo ag tairiscint lacáistí ar an ól i dtithe tábhairne áirithe.

I gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath tá Smirnoff Ice ag déanamh urraíochta ar Chóisir Lucht na Chéad Bhliana. Chonacthas póstaeir fosta a mhaíonn go gcuireann Budweiser fáilte mhór romhat.

Tá an scéal chomh holc sin i gColáiste Ollscoile Chorcaí go bhfuil na húdaráis i ndiaidh cosc iomlán a chur ar bhileoga fógraíochta i mbliana. Deir Ceannaire Sheirbhísí na Mac Léinn in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh go bhfuil tionscal na dí ag iarraidh sochar a bhaint as mic léinn nua. Thug sé le fios go ndearnadh taighde i measc lucht na chéad bhliana anuraidh agus gur barraíocht ólacháin an chúis is mó a luaitear le héirí as cúrsaí céime ann.

Léiríonn a bhfuil ag tarlú go bhfuil géarghá le rialacha beachta a bhainfeadh le fógraíocht agus le margaíocht dí, dar le hurlabhraí leighis Fhine Gael, Gay Mitchell. Dá réir sin, dá rachadh duine isteach in ollscoil ag díol boscaí toitíní ar phunt an paicéad go dtógfaí raic. Síleann sé gur chóir go dtarlódh an rud céanna maidir le deochanna meisciúla.

Dúirt tábhairneoir amháin, áfach, gurb iad na mic léinn tromlach na gcustaiméirí aige sa bheár ó Luan go Déardaoin agus gur orthu a bhíonn a ghnó ag brath.

www.xtrapapers.com

## 20. Andúileach drugaí

Éist leis an duine seo ag caint agus freagair na ceisteanna a leanas.

"Go mbeannaí Dia daoibh uile go léir, a scoláirí. I dtús báire ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an mhúinteoir Teagaisc Chríostaí agaibh as cuireadh a chur orm teacht a labhairt libh ar maidin.

"Is mise Pól agus is andúileach drugaí mé. Tá sé de rún agam inniu insint daoibh faoi chuid de na fadhbanna a bhaineann le drugaí. Cé nár chaith mé druga ar bith le trí bliana anuas, caithfidh mé 'andúileach drugaí' a thabhairt orm féin go fóill. Déanta na fírinne, beidh mé i m'andúileach drugaí go bhfaighidh mé bás. Is é sin an rud is measa faoi na drugaí: nuair a chuireann tú andúil iontu, ní thig leat choíche éirí astu go huile is go hiomlán. Scriosann drugaí saol an andúiligh agus saol an teaghlaigh aige. Tuigim an méid sin ó mo thaithí féin.

"Dála neart daoine eile, thosaigh mé ag ól alcóil sula raibh an aois dhleathach cnagtha agam. I ndiaidh roinnt blianta ar an alcól, áfach, chuir mé tús le caitheamh drugaí crua. Bhain mé triail as cannabas agus, de réir a chéile, chuir mé andúil sna drugaí crua amhail hearóin.

"Agus mé in aois mo thrí bliana is fiche ní thiocfadh liom mo sháith drugaí a aimsiú. Ar ndóigh, d'athraigh na drugaí crua seo stíl mo shaoil, agus bhí mé in easláinte. Briseadh as mo phost sa mhonarcha áitiúil mé mar nach raibh mé in ann an post a láimhseáil. Ag an phointe sin i mo shaol bhí mé gafa ar fad in eangach na ndrugaí agus ní thiocfadh liom éalú aisti. Is iomaí uair a bhí mé sna duibheagáin agus tuigim anois go raibh mo theaghlach ag fulaingt liom. Ach caithfidh mé a rá gur thug an teaghlach tacaíocht dom in am an ghátair, agus gan an tacaíocht sin nach dtiocfadh liom bealach éalaithe a fháil amach as saol na ndrugaí.

"I dtrátha an ama seo trí bliana ó shin, agus mé faoi smacht na ndrugaí, chaith mé ródháileog. B'éigean dom mí a chaitheamh i rannóg na dian-aire agus mo bheatha idir dhá cheann na meá. Ó tháinig mé chugam féin ina dhiaidh sin, b'eol dom go raibh orm rud éigin a dhéanamh faoin fhadhb. Rinne mé an cinneadh cuidiú a lorg. Freastalaím go rialta go fóill ar ionad leighis agus, den chéad uair le fada, mothaím go bhfuil mo shaol arís faoi smacht agam."

www.xtrapapers.com

## 21. Cosc ar thobac

Éist le cuid den díospóireacht seo agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

"A mholtóirí, a chomhchainteoirí agus a lucht éisteachta, 'Ba chóir go mbeadh cosc iomlán ar chaitheamh tobac in áiteanna poiblí'. Caithfidh mé a rá go n-aontaím go huile is go hiomlán leis an rún seo.

Tá a fhios ag madaí na sráide go ndéanann caitheamh tobac an-dochar do na daoine a chaitheann é. Gineann tobac ailse scamhóg, ailse scornaí, fadhbanna anála, plúchadh agus aicidí eile nach iad. Ach, a dhaoine uaisle, ní hé amháin go ndéanann sé dochar do na daoine a chaitheann é, ach déantar dochar do dhaoine ina gcuideachta nach gcaitheann tobac. Bíonn na neamhchaiteoirí ag ionanálú na toite go tánaisteach ó na caiteoirí a bhíonn ina measc. Léiríonn taighde i gcéin is i gcóngar go bhfuil caitheamh tánaisteach lán chomh holc le toitíní a chaitheamh go díreach. Anuas air sin, bíonn boladh bréan ón toit ar do chuid éadaigh, ar do chuid gruaige agus ar do chraiceann an lá dár gcionn.

Dúirt an cainteoir a labhair romham nár chóir go ndéanfaí leatrom ar ghrúpa ar bith, caiteoirí nó neamhchaiteoirí, agus, cé nach bhfuil mé ag teacht le rud ar bith eile dár dhúirt sí, aontaím léi ann seo. Níor chóir, go cinnte, go ndéanfaí leatrom ar ghrúpa ar bith, na neamhchaiteoirí san áireamh. Samhlaigh duine nach gcaitheann tobac i mbialann ina bhfuil cead ag daoine bheith ag caitheamh. Cé nach bhfuil an neamhchaiteoir ag cur isteach ar an chaiteoir, níl a mhalairt fíor. Mar sin de, a dhaoine uaisle, is é rud ba cheart go mbeadh cothrom na féinne ann do gach duine idir chaiteoir agus neamhchaiteoir. Sa scoil s'againne tá dhá sheomra ar fáil ag na múinteoirí ag am sosa agus ag am lóin. Sílim gur chóir go mbeadh a leithéid amhlaidh i dtithe tábhairne agus i mbialanna, ionas nach gá do dhaoine nach gcaitheann tobac bheith ag caitheamh toit duine éigin eile go tánaisteach. Go raibh maith agaibh as éisteacht liom, a chairde na páirte."

www.xtrapapers.com

## 22. Lucht ólta beorach

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Ní mó ná sásta atá lucht ólta beorach na Baváire de bhrí go bhfuil srian á chur lena gcuid béasa óil. Is cosúil go ndearnadh clamhsán i mbaile beag éigin ar na mallaibh de dheasca an challáin a thóg na custaiméirí agus iad ag ragairneach go mall san oíche.

Pléadh an cás os comhair na cúirte dúiche agus rialaigh an breitheamh go ndúnfaí an teach tábhairne seo ar leath i ndiaidh a naoi. Deir lucht an óil gur minic ag dul amach don oíche ag an am sin iad gan trácht ar fhilleadh abhaile.

Tá tábhairneoirí, lucht an óil agus turasóirí thar a bheith imníoch go ndúnfar gach teach tábhairne sa cheantar má chuirtear an riail seo i bhfeidhm go dian. Tá mórshiúlta agus léirsithe eagraithe acu chun a míshástacht a chur in iúl. Deir siad go mbíonn tromlach na gcustaiméirí an-mhúinte agus nár chóir go gcuirfeadh mionlach beag isteach ar gach duine. Tá méara an bhaile ag tabhairt tacaíochta dóibh siúd atá in éadan na rialach nua.

Deir polaiteoirí nach ionsaí ar sheantraidisiún agus ar chultúr na háite amháin atá sa riail nua seo, ach gur ionsaí fosta í ar cháil na Baváire mar phríomhcheantar beorach na tíre. Thug siad le fios go bhfuil siad an- bhuartha go rachadh líon na dturasóirí chun na háite i laghad mar gheall ar an chinneadh seo.

Dúirt urlabhraí thar ceann an ghrúpa agóidíochta go leanfaí leis na hagóidí go dtí go n-athrófaí an cinneadh.

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

## 23. Scannal na ndídeanaithe

Éist leis an chaint phoiblí seo agus freagair na ceisteanna a leanas.

"Dia daoibh, a dhaoine uaisle. Nach scannalach amach is amach é líon na ndaoine a chónaíonn ar na sráideanna sa tír seo? Is cuma cén chathair ina mbíonn tú, Béal Feirste, Luimneach, Gaillimh nó fiú i bpríomhchathair na hÉireann, feictear daoine, idir óg agus aosta, ina luí ar na sráideanna. Luíonn siad faoi bhoscaí, faoi mhálaí plaisteacha nó faoi sheanphluideanna - fiú i ndúlaíocht an gheimhridh. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil líon na ndídeanaithe ag dul i méad.

"Ach cad chuige a bhfuil an scéal amhlaidh? Cad chuige a bhfuil siad ina luí ar an tsráid. Is léir gur tharla cliseadh éigin i saol na ndaoine sin. B'fhéidir gur chaill na daoine sin a bpost, b'fhéidir go raibh fadhbanna caidrimh sa teaghlach ann, nó b'fhéidir go raibh fadhbanna ólacháin nó drugaí i gceist. Le fírinne, is cuma cén fhadhb a thug ar na daoine seo bheith ina luí ar an tsráid, tig libh bheith cinnte faoi rud amháin - ní ar an tsráid a réiteofar an fhadhb seo. Go deimhin, tig le rudaí imeacht chun donais ar dhaoine aonaracha amuigh ar an tsráid.

"I dtuarascáil a d'fhoilsigh Shelter, eagraíocht fóirithinte, le déanaí, dúradh gur méadú fiche faoin chéad a tháinig ar líon na ndaoine óga gan dídean ó bhí Mí na Nollag anuraidh ann. Tugadh le fios fosta go bhfuil níos mó fear óg ná riamh ag caitheamh na hoíche amuigh faoin spéir. Anuraidh, chaith mé féin tréimhse ar thaithí oibre le Shelter agus caithfidh mé a rá go molaim an eagraíocht sin go hard na spéire. Déanann siad éacht bliain i ndiaidh na bliana foscadh a thabhairt do dhaoine ar an bhlár fholamh. Tá feachtas fógraíochta seolta acu sna meáin chumarsáide uile chun fadhbanna na ndídeanaithe a léiriú agus chun airgead a bhailiú.

"Mar sin de, a dhaoine uaisle, dá mba mhian libh cuidiú leis na dídeanaithe, thiocfadh tacaíocht a thabhairt don fheachtas trí shíntiús a chur chuig Shelter trí bhanc ar bith sa tír. Ná déanaigí dearmad gur mór iad na beaganna i dteannta a chéile. Go raibh míle maith agaibh."

www.xtrapapers.com

## 24. Agallamh ar an raidió faoin bhochtanas

(Tuairisceoir agus oibrí sóisialta)

Éist leis an agallamh agus freagair na ceisteanna a leanas.

T. "I do thuairim ghairmiúil mar oibrí sóisialta, cad é an bhaint atá ag an bhochtanas leis na fadhbanna eile atá againn?"
O. "Mar oibrí sóisialta is dóigh liom go bhfuil an-cheangal idir an bochtanas agus cruachásanna eile. Is as ceantair bhochta na gcathracha, cuirim i gcás, formhór na ndaoine atá faoi ghlas inniu. Is rud íorónta é, áfach, go gcosnaíonn sé thart faoi thríocha míle punt in aghaidh na bliana duine a choinneáil faoi ghlas. Níl an rialtas sásta an méid céanna a chaitheamh ar sheirbhísí sóisialta do na daoine sin sula rachadh siad i muinín na coirpeachta, ach a luaithe a théann siad isteach sa phríosún is amhlaidh a bhíonn port eile ag an rialtas."
T. "An síleann tú go bhfuil ceangal idir an bochtanas agus an foréigean?"
O. "Níl amhras ar bith orm faoi sin ach, ar a bharr sin, tá an-bhaint idir an bochtanas agus cúrsaí sláinte agus cúrsaí oideachais."
T. "Cad é mar a tharlaíonn sé sin?"
O. "Is dócha gur le bia agus le cothabháil a bhaineann. Bíonn na daoine ar an bhlár fholamh tinn níos minice ná na daoine saibhre. Ní i gcónaí a bhíonn sé ar a n-acmhainn an bia ceart a cheannach. Is minice a chaithfidh siad dul chun na hotharlainne, agus cosnaíonn sé sin a lán airgid ar an stát."
T. "Cén bhaint a fheiceann tú idir an bochtanas agus cúrsaí oideachais. Nach bhfuil an t-oideachas saor ar fáil ag cách inár linn?"
O. "Tá, ar bhealach, ach tá níos mó ná sin i gceist. Déanta na fírinne, ní bhíonn daoine bochta in ann tairbhe mar is ceart a bhaint as na deiseanna a bhíonn acu, agus thiocfadh a rá go mbíonn deis is fearr ag na daoine saibhre. De ghnáth bíonn seomraí dá gcuid féin ag na scoláirí a mbíonn a dtuismitheoirí ina suí go te. Is fusa dóibh tabhairt faoin obair baile agus bíonn níos mó áiseanna acu, mar atá ríomhairí agus leabhair. Is féidir a rá go leathnaíonn an bhearna idir na scoláirí as teaghlaigh bhochta agus scoláirí as teaghlaigh shaibhre i ndiaidh bliana ar bunscoil.
T. "Agus an bhfuil réiteach ar na fadhbanna ann i do bharúil?"

www.xtrapapers.com

O. “Tá cinnte, ach is ar a gcosc agus chan ar a réiteach amháin ba chóir airgead a chaitheamh.”

www.xtrapapers.com

## 25. Fadhbanna ag seandaoine

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

I rith an gheimhridh seo chugainn gheobhaidh breis agus sé chéad duine bás de dheasca an fhuachta. Pinsinéirí, ar ndóigh, a bheas ina mbunús. Deir na háisíneachtaí sóisialta go bhfuil siad thar a bheith buartha faoi líon na seandaoine a fhaigheann bás mar gheall ar easpa teasa. Chuir na háisíneachtaí in iúl go gcailltear a cheithre oiread daoine mar gheall ar ghanntanas teasa ná líon na ndaoine a mharaítear ar na bóithre in aghaidh na bliana. Dúirt Sid McDowell ón Fheidhmeannas Tithíochta go gcaithfear rud éigin a dhéanamh faoin scéal. Mhaígh sé go bhfulaingíonn sláinte na seandaoine de dheasca taisleach agus fuacht a bheith sna tithe.

Thug sé le fios go bhfuil rogha dheacair le déanamh ag seandaoine áirithe. Tig leo breosla a cheannach chun an teach a choinneáil te nó bia a cheannach lena gcoinneáil féin beo. Tá bochtanas i measc na seandaoine an-ard sa tuaisceart, dúirt sé. Mhaígh sé fosta go raibh sé ar intinn ag an Fheidhmeannas dul thart ar sheandaoine d'fhonn comhairle a chur orthu faoin dóigh le coinneáil te ar chostas íseal i ndúlaíocht an gheimhridh.

Chuir urlabhraí ó Age Concern, an eagraíocht fóirithinte ar son na seandaoine, fáilte mhór roimh an phlean. Dúirt Tommy Kearns ón eagraíocht nach leor an t-ioncam a thugtar do na seandaoine. Faigheann siad seacht bpunt is seasca agus caoga pingin in aghaidh na seachtaine. Dúirt sé gur nócha punt dáiríre a bhí de dhíobháil orthu chun maireachtáil go compordach. Cháin sé an rialtas faoin ardú a thug siad do na seandaoine ar na mallaibh. Tugadh cúig pingine is seachtó sa bhreis in aghaidh na seachtaine dóibh. Dúirt sé gur masla a bhí ann. Is iontach an rud é go bhfaigheann níos mó daoine bás de dheasca fuachta sa tuaisceart ná in áiteanna a mbíonn an geimhreadh i bhfad níos fuaire iontu, dúirt sé.

www.xtrapapers.com

## 26. Coir in éadan seanmhná

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Briseadh isteach i dteach cónaithe seanmhná, a bhfuil ceithre scór bliain slánaithe aici, in Oirthear Bhéal Feirste aréir. Cónaíonn an tseanbhean léi féin ó cailleadh a fear céile thart faoi thrí bliana ó shin. Tharla an eachtra i dtrátha a deich a chlog.

Thug na póilíní le fios go raibh na coirpigh gléasta mar a bheadh gnáthphóilíní ann agus gurbh é sin an fáth ar oscail an tseanbhean an doras dóibh. Nuair a d'éirigh leis na fir a mbealach a dhéanamh isteach d'iarr siad airgead ar an tseanbhean. Ní raibh aici ina sparán ach a hairgead pinsin a bhailigh sí níba luaithe ag oifig an phoist. Goideadh an t-airgead sin chomh maith le beagán seodra na seanmhná. Ní raibh na fir seo sásta leis an mhéid sin agus thug siad greasáil di. Buaileadh go trom í agus d'fhulaing sí easnacha briste, srón bhriste, gortú ar chaol a láimhe deise agus créacht dhomhain ar chlár a héadain.

Dúirt urlabhraí thar ceann na bpóilíní gurbh í seo an eachtra ba mheasa dá bhfaca sé riamh. D'admhaigh sé gur chuir sé samhnas air féin agus ar a chomrádaithe. Dúirt an t-urlabhraí gur dócha gur andúiligh drugaí a bhí iontu agus go raibh airgead de dhíth orthu chun a nós a chothú. Is léir go bhfuil fadhb na ndrugaí ag dul i méad sa cheantar áirithe sin. Thug póilíní an cheantair le fios go ndéanfadh siad a seacht ndícheall na coirpigh a ghabháil agus go mbeadh níos mó patról sa cheantar feasta.

Tugadh an tseanbhean chuig Otharlann na Cathrach i ndiaidh na heachtra gur cuireadh cóir leighis ansin uirthi. Dúirt iníon na seanmhná go raibh a máthair i bpian agus gurbh éigean di deich ngreim a fháil sa chréacht ar chlár a héadain. Chuir iníon na seanmhná in iúl fosta nach mbeadh a máthair sásta filleadh ar a cónaí, cé go bhfuil iomlán a saoil caite sa teach sin aici.

www.xtrapapers.com

## 27. Dúil sa ghairdín

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Ní scarfaidh Helen Hunt lena gairdín ar ór na cruinne. Tá sí iontach tugtha dó. B'fhearr leis an phinsinéir, a chónaíonn i Léim an Mhadaidh i gContae Dhoire, na héin, na beacha, na féileacáin agus cumhracht na mbláthanna ina gairdín ná an ceathrú milliúin punt a thairg tógálaí di.

Rugadh Helen sa teach ocht mbliana déag is trí scór ó shin agus tá a saol ar fad caite aici ann. Thug sí le fios gur ansin a chaithfidh sí na blianta atá fágtha aici, bíodh siad fada nó gairid. Bhí comhlacht forbartha ag iarraidh a gairdín cúil a cheannach uaithi le hollmhargadh a thógáil.

Thairg siad daichead míle punt i dtosach agus choinnigh an tairiscint ag dul i méad. Thug sí an chluas bhodhar dóibh, áfach, agus ní dhéanfadh Helen athchomhairle. Sa deireadh thairg siad ceathrú milliúin punt di ar a gairdín uile. Dhiúltaigh Helen an tairiscint go dubh is go bán agus dúirt go bhfuil dúil aici go n-éistfidh siad léi an iarraidh seo. Chuir sí in iúl dóibh go bhfuil sí bréan de na tairiscintí agus nach bhfuil a gairdín ar díol.

Tá sí den bharúil fosta nach bhfuil gá ar bith le hollmhargadh eile ar an bhaile, agus tá bunús na n-áitreoirí ar aon intinn léi. Tógáil croí di bheith ábalta an smólach, an spideog agus na héin eile a chluinstin ina gairdín. Dúirt sí nár chúiteamh ar chor ar bith airgead as an phléisiúr sin a chailleadh, ba chuma cé chomh mór agus a bheadh an tsuim. Is léir mar sin nach dtig le hairgead gach uile rud a cheannach.

www.xtrapapers.com

## 28. Tubaiste Chernobyl

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Ba í tubaiste Chernobyl an tubaiste ba mhó dár tharla riamh i dtionscal na cumhachta núicléiche. Chlis ar fhreasaitheoir núicléach sa mhonarcha athphróiseála. Ba mhillteanach an toradh a bhí air sin.

D'éalaigh ábhair radaighníomhacha ón mhonarcha gur thruailligh na hábhair seo muintir na háite, an talamh agus na hainmhithe. Thóg na mílte duine breoiteachtaí ar nós ailse scamhóg, ailse scornaí, agus d'fhulaing siad éifeachtaí agus tionchair eile ar nós easpa fáis. Fuair na mílte duine bás mar gheall ar an tubaiste agus, d'ainneoin go bhfuil sé ag tarraingt ar scór bliain ó tharla sí, tá a sliocht ar mhuintir Chernobyl agus ar mhuintir na hEorpa i gcónaí.

De dheasca gur truaillíodh an talamh truaillíodh na barra. Nuair a d'ith bunadh na háite na barra a bhí truaillithe tholg siad tinnis éagsúla. Bhí an scéal amhlaidh leis na hainmhithe agus leis an fheoil. Deirtear go bhfuil an ráta báis ó aicídí mar ailse ar na rátaí is airde áit ar bith ar chlár an domhain.

As a shiocair, gach bliain, taistealaíonn na céadta páiste as Chernobyl go hÉirinn chun sos a fháil ón aer truaillithe sa bhaile. Stopann cuid mhaith acu cois farraige nó in áit ar bith eile a bhfuil aer glan folláin le fáil. Cuirtear fearadh na fáilte rompu agus, más féidir é, cuirtear cóir leighis orthu. Bíonn an grúpa a eagraíonn na turais i gcónaí ar lorg teaghlach a bheadh sásta na páistí a choinneáil ar feadh cúpla seachtain. Más suim leat a leithéid a dhéanamh cuir scairt ar Bhaile Átha Cliath 543897.

www.xtrapapers.com

## 29. Crann cumarsáide do na gutháin phóca

Éist leis an duine seo ag caint agus freagair na ceisteanna a leanas.

“Dia daoibh, a dhaoine uaisle. Is mise Seán de Brún agus is ball d’áitreoirí Bhóthar an Locha mé. Fáiltím roimh an éisteacht phoiblí seo mar go dtugann sé deis dom cur in éadan an chrainn chumarsáide do na gutháin phóca, crann atáthar a mholadh a thógáil inár gceantar amach anseo.

“Is beag nár thit mé i laige nuair a chuala mé an scéal. Bhí sé dochreidte ar fad agam. Agus, mar bharr ar an donas, deirtear gur os comhair na scoile áitiúla a thógfar é.

Níl léamh, scríobh nó insint béil ar an dochar a dhéanann na crainn seo. Tá a fhios ag madaí na sráide go ndéanann na tonnta raidió dochar nach beag don tsláinte. Rinneadh taighde ar na mallaibh agus fuarthas amach go gcruthaíonn leithéidí na gcrann cumarsáide fadhbanna sláinte do na daoine sna háiteanna a gcuirtear in airde iad. Tuairiscíodh go ngineann siad aicidí mar ailse, agus galair intinne mar chailliúint cuimhne.

“Ní fios go fóill na deacrachtaí fadtéarmacha a bhaineann leo ach oiread. Cluinim go dtabharfaidh an comhlacht a bhfuil an plean seo acu airgead don phobal mar chineál cúitimh. I mo bharúil féin, is cuma sa sioc leis an chomhlacht seo faoi dhea-mhéin bhunadh na háite. Is léir go bhfuil siad beag beann ar shláinte na ndaoine. Creidim féin nach smaoiníonn siad ar rud ar bith seachas an brabach. Ar ndóigh, má thógtar an crann seo, ceannófar níos mó guthán póca agus beidh an comhlacht ag saothrú na mílte punt dá bharr. Tuigim go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine a úsáideann na gutháin phóca i gcónaí agus go bhfuil na crainn seo de dhíth orthu. Ach, a dhaoine uaisle, beidh ar an chomhlacht seo suíomh eile a aimsiú.

“Is ceantar fíorálainn é seo agus scriosfaí an timpeallacht agus an t-imshaol dá mbeadh an t-airteagal gránna seo le feiceáil os comhair na cruinne. Caithfidh mé a rá fosta go bhfuil sé ag dó na geirbe agam nach ndeachaigh ceannasaí an chomhlachta i gcomhairle leis na háitreoirí i dtaobh na hoibre seo. Is follasach go dtuigeann an comhlacht go bhfuil sláinte na ndaoine agus áilleacht an cheantair i mbaol má leanann siad ar aghaidh leis an phlean seo.”

www.xtrapapers.com

## 30. Tionchar na haimsire

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Imríonn an aimsir tionchar nach beag ar shaol an duine. Dá réir, éisteann cuid mhór daoine le réamhaisnéis na haimsire. Éisteann na feirmeoirí léi, go háirithe sa samhradh. Ní thig leo an féar a shábháil má bhíonn doineann ann. Cuireann an drochaimsir isteach ar bhaint na móna san earrach agus ar bhaint na mbarr san fhómhar fosta. Is amhlaidh a choinníonn an feirmeoir súil ghéar ar an aimsir.

Tig leis an aimsir tionchar a imirt ar chúrsaí spóirt. Má bhíonn an talamh róbhog is minic a chuirtear rásaí capall ar ceal. Is amhlaidh a bhíonn an scéal má bhíonn sioc nó sneachta ach oiread ann. Cuirtear cluichí peile ar athlá go minic i rith an gheimhridh.

I rith an tsamhraidh, bíonn daoine ag dúil le haimsir mhaith thirim bhrothallach agus iad ar laethanta saoire. Má bhíonn drochaimsir ann ní bhaineann siad an oiread céanna suilt as an tsaoire acu. Is ag guí fearthainne a bhíonn na feirmeoirí ag an am céanna den bhliain. Ní fhásann an féar nó na barra mura mbíonn fearthainn ann.

Tig leis an aimsir bheith iontach contúirteach fosta. Déanann stoirmeacha móra an-dochar. Leagtar a lán crann le linn na stoirmeacha agus is iomaí duine a fhaigheann bás mar gheall orthu. Má bhíonn na bóithre sleamhain tarlaíonn níos mó taismí. Má bhíonn fearthainn throm ann tig leis na haibhneacha ardú agus tarlaíonn tuilte dá barr. Tá an t-ádh orainn in Éirinn mar, de ghnáth, ní bhíonn tubaistí móra ann de dheasca doininne.

Ach tá athrú ag teacht ar chúrsaí aimsire mar gheall ar an scrios a dhéantar ar an timpeallacht agus ar an tsraith ózóin gach lá in ainm na forbartha. Deir na saineolaithe go bhfuil an domhan á théamh, agus gur minice a tharlóidh tubaistí móra mar gheall ar an ghoradh seo.

www.xtrapapers.com

## 31. Costas an bhreosla

Éist leis an mhír seo nuachta agus freagair na ceisteanna a leanas.

Dúirt Uachtarán na Fraince inniu nach ndéanfadh sé athchomhairle arís maidir le hísliú chostas an bhreosla. Cé gur ísligh sé costas an bhreosla cúpla lá ó shin, de thoisc agóidí sa tír, ní raibh na tiománaithe leoraí nó na feirmeoirí róshásta leis.

Chuaigh siad sin ar stailc an tseachtain seo caite mar agóid in éadan phraghas ard an díosail agus an pheitril. Bhain siad úsáid as a gcuid leoraithe agus as a gcuid innealra d'fhonn bacanna a chur ar na bóithre agus chun bóithre féin a dhruidim.

Dúirt urlabhraí thar ceann na dtiománaithe leoraí agus na bhfeirmeoirí le déanaí go raibh costas an bhreosla i bhfad ró-ard go fóill agus go leanfaí ar aghaidh leis an stailc go dtí go n-ísleofaí an praghas arís. Cé go bhfuil an stailc ag cur isteach go mór ar chúrsaí geilleagair na Fraince is cosúil nach bhfuil ceachtar den dá dhream toilteanach slí a ghéilleadh an iarraidh seo.

Mar thoradh ar an stailc agus ar an agóid seo tá tranglaim agus brúnna tráchta agus ganntanas breosla ar fud na tíre ann. D'admhaigh lucht gnó go bhfuil eacnamaíocht na tíre ag fulaingt fosta mar gheall ar an stailc. Thug siad le fios go gcuirfeadh sí as do sholáthar bia agus táirgí eile thart an tír.

Deirtear go bhfuil an stailc ag cur isteach ar thurasóirí fosta de bhrí nach féidir leo breosla a fháil lena gcarranna a thiomáint abhaile. Dúirt turasóir amháin as Sasana, agus é ar saoire sa Fhrainc, gurb é an rud is greannmhaire faoin scéal ná gur saoire praghas an díosail agus an pheitril sa Fhrainc ná mar atá i Sasana.

www.xtrapapers.com

## 32. Tubaiste mara

Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Bádh níos mó ná trí scór duine as na cúig chéad a bhí ar bord loinge, cóngarach do na hoileáin Paros, ar chósta na Gréige arú inné, ceol na n-aingeal go raibh ina gcluasa. Tá daoine go fóill ar iarraidh agus deirtear gur beag an seans atá acu teacht slán as an chontúirt ina bhfuil siad. Tuairiscíodh go rachadh líon na dtaismeach in airde.

Bhuail an long in éadan carraige móire dhá mhíle ón chósta le linn stoirme. Níorbh fhada go ndeachaigh an long go grinneall na farraige. Dúirt finné súl, a bhí ar bord na loinge nuair a tharla an tubaiste, go ndeachaigh na paisinéirí i scaoll agus go raibh siad ag troid lena chéile leis na báid tarrthála a bhaint amach. D'admhaigh sí gur chuir an eachtra an scannán 'Titanic' i gcuimhne di. Chuir sí in iúl fosta go raibh criosanna tarrthála in easnamh ar an long.

In ainneoin na doininne, áfach, tháinig báid bheaga iascaireachta i dtarrtháil ar chuid de na daoine a caitheadh amach san fharraige. Ba ghairid go raibh na seirbhísí éigeandála ar an láthair. Baineadh bunús na ndaoine as an fharraige i héileacaptair agus i mbáid tarrthála.

Gabhadh captaen na loinge agus a chriú inné. Dúirt na póilíní sa Ghréig go ndearna an captaen agus a chriú neamart sna paisinéirí a bhí faoina gcúram. Bhí sé féin agus a chriú ag amharc ar chluiche peile ar an teilifís, agus an long á stiúradh go huathoibritheach, nuair a tharla an matalang. Cúiseofar as dúnorgain na bpaisinéirí amárach iad.